Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13069/26**

**AGRI 661**
**DELACT 147**
**AGRIORG 100**
**AGRILEG 209**
**FOOD 120**
**CODEC 1651**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6140 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.9.2026 lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le háiseanna próiseála le haghaidh coipeadh giosta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6140 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6140 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
C(2026) 6140 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.9.2026**

**lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le háiseanna próiseála le haghaidh coipeadh giosta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir 2001/112/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, údaraítear margú na dtáirgí a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi má chomhlíonann siad na sainmhínithe agus na rialacha a leagtar síos sa Treoir sin.

Le Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasaíodh Treoir 2001/112/CE agus tugadh isteach catagóirí nua táirgí, mar atá na súnna torthaí siúcra-laghdaithe. Tá na táirgí sin le fáil ó shú torthaí i gcás inar laghdaíodh an cion siúcraí a fhaightear go nádúrtha faoi 30 % ar a laghad agus na saintréithe bunriachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile go léir á gcoinneáil ar bun a bhíonn sa gháthchineál sú ón toradh as a dtagann sé.

Bhí tabhairt isteach na gcatagóirí nua táirgí sin i gcomhréir le cuspóir na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' arb é atá ann táirgí próiseáilte a athfhoirmliú, go háirithe an chainníocht siúcraí saora i dtáirgí bia a laghdú agus cuidiú le tomhaltóirí dul ar aistí bia níos sláintiúla.

Tá na súnna torthaí siúcra-laghdaithe le táirgeadh trí úsáid a bhaint as próiseas teicneolaíoch a údaraítear i dTreoir 2001/112/CE. Ceann de na próisis údaraithe atá i gcoipeadh giosta, teicníc a úsáidtear den chuid is mó i bpróiseáil bia agus a laghdaíonn na siúcraí a fhaightear go nádúrtha nuair a chuirtear i bhfeidhm ar shúnna torthaí é.

Rinneadh dul chun cinn teicniúil tábhachtach maidir le coipeadh giosta a chur i bhfeidhm trí áiseanna próiseála áirithe a úsáid. Cuireann úsáid roinnt áiseanna próiseála feabhas mór ar na coinníollacha maidir le coipeadh giosta a chur i bhfeidhm agus, mar thoradh air sin, ar cháilíocht an táirge deiridh. Dá bhrí sin, ba cheart na háiseanna próiseála sin a áireamh sa Treoir chun go mbeidh monaróirí in ann leas a bhaint as an deis a chuireann dul chun cinn teicniúil ar fáil agus chun go mbeidh tomhaltóirí in ann táirgí ar ardchaighdeán a fháil.

Is iad an t-ath-hiodráitiú giosta agus an cothú giostaí feidhmeanna na n-áiseanna próiseála atá le húsáid i gcoipeadh giosta. Is iad an chiotráit sóidiam, an fhosfáit dé-amóiniam, an uathaláit ghiosta agus an hidreaclóiríd tiaimín na substaintí sin.

Le hAirteagal 7 den Treoir, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a thabhairt i gcomhréir le forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus chun dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh plé, ina raibh saineolaithe ó na 27 mBallstát uile páirteach, laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta, agus sin faoin bhfoghrúpa Táirgí gairneoireachta. Chuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe i láthair agus pléadh é le saineolaithe ag an gcruinniú a tionóladh an 30 Márta 2026. D'fhéadfadh saineolaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí sna cruinnithe sin.

Bhí saineolaithe ó na 27 mBallstát uile i Meitheal na Saineolaithe Rialtais maidir le Breiseáin rannpháirteach sa phlé freisin. Pléadh áiseanna próiseála leis na saineolaithe ag an gcruinniú an 26 Eanáir 2026 agus an 19 Márta 2026. Bhí deis ag saineolaithe freisin barúlacha a chur isteach i scríbhinn.

Rinneadh an comhairliúchán poiblí ginearálta le haghaidh aiseolais tríd an tairseach ‘Cloisimis uait’, ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh. Fógraíodh an tionscnamh an 20 Feabhra 2026, agus foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ón 28 Aibreán 2026 go dtí an 26 Bealtaine 2026. Fuarthas aiseolas ó naoi bpáirtí leasmhara, lena n-áirítear comhlachais agus cuideachtaí a oibríonn san earnáil, mar aon le saoránaigh. Chuir na páirtithe leasmhara a dtuairimí in iúl maidir le cé acu atá na substaintí atá le húsáid i gcoipeadh giosta chun súnna torthaí siúcra-laghdaithe a tháirgeadh le meas mar bhreiseáin nó mar áiseanna próiseála. Tugadh le fios sna haighneachtaí freisin go bhféadfaí áiseanna próiseála eile seachas uathaláit ghiosta a úsáid le haghaidh cothú giosta, fiú mura soláthraíodh aon fhianaise ar a n-úsáid iarbhír i súnna torthaí. Mheas an Coimisiún nár leor an fhaisnéis ag an gcéim seo chun athruithe a thabhairt isteach sa Rialachán Tarmligthe. Ina theannta sin, tharraing na páirtithe leasmhara saincheisteanna anuas lasmuigh de raon feidhme an chomhairliúcháin sin, go háirithe úsáid miocrorgánach eile le haghaidh coipthe agus próisis einsímeacha a áireamh chun súnna torthaí siúcra-laghdaithe a tháirgeadh. D’fhéadfaí na roghanna sin a mheas i gcomhthéacs leasuithe a dhéanfar amach anseo, faoi réir dóthain fianaise tacaíochta a chur isteach. Tugadh fógra do chomhpháirtithe EDT faoi sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 7(1) de Threoir 2001/112/CE.

Leasaítear leis an ngníomh tarmligthe seo Cuid II, pointe 3, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE, lena sonraítear na háiseanna próiseála a fhéadfar a úsáid sa phróiseas coipthe giosta chun sú torthaí siúcra-laghdaithe a tháirgeadh agus cainníochtaí na n-áiseanna próiseála sin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.9.2026**

**lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le háiseanna próiseála le haghaidh coipeadh giosta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/112/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine[1], agus go háirithe Airteagal 7(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] leasaíodh Treoir 2001/112/CE trí chatagóirí nua táirgí a thabhairt isteach inar laghdaíodh an cion siúcraí a fhaightear go nádúrtha agus na saintréithe bunriachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile a bhaineann le gnáthchineál sú an toraidh as a dtagann é á gcoinneáil ar bun, eadhon 'sú torthaí siúcra-laghdaithe', 'sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán' agus 'sú torthaí comhdhlúite siúcra-laghdaithe'.

(2) Le pointe 3 de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE rialaítear na cóireálacha údaraithe a fhéadfar a chur i bhfeidhm agus na substaintí a fhéadfar a chur leis na táirgí a shainítear i gCuid I den Iarscríbhinn sin. Le Treoir (AE) 2024/1438 leasaíodh an fhoráil sin, chun na próisis údaraithe a leagan síos chun an méid siúcra a fhaightear go nádúrtha a laghdú, eadhon scagachán scannáin agus coipeadh giosta.

(3) Mar thoradh ar an dul chun cinn teicniúil maidir le háiseanna próiseála áirithe a úsáid, tá feabhas substaintiúil tagtha ar chur i bhfeidhm an phróisis coipthe giosta agus ar cháilíocht na dtáirgí deiridh a fhaightear. Tá sé cruthaithe go bhfuil na háiseanna próiseála sin úsáideach chun críoch teicneolaíoch ath-hiodráitithe giosta agus cothaithe giosta le linn an phróisis coipthe giosta a úsáidtear chun an cion siúcraí a fhaightear go nádúrtha i súnna torthaí a laghdú.

(4) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an phróisis údaraithe coipthe giosta a áirithiú agus chun nuálaíocht agus cur ar an margadh súnna torthaí siúcra-laghdaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an bpróiseas sin a éascú, ba cheart úsáid na n-áiseanna próiseála sin a údarú. Thairis sin, chun a áirithiú go gcoinníonn na súnna torthaí siúcra-laghdaithe na

---

1 IO L 10, 12.1.2002, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/112/oj.

2 Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí comhchosúla áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha torthaí agus marmaláidí torthaí agus purée castán milsithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díhiodráitithe go páirteach nó go hiomlán atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L, 2024/1438, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1438/oj).

saintréithe bunriachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile a bhaineann le gnáthchineál sú an toraidh as a dtagann sé ar bun, seachas an cion siúcra, ba cheart uaschainníochtaí na n-áiseanna próiseála arna n-údarú a leagan amach.

(5) Chun an dul chun cinn teicniúil sin a chur san áireamh, ba cheart, dá bhrí sin, pointe 3 de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I bpointe 3 de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE, cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

'— Ach amháin i gcás sú torthaí siúcra-laghdaithe, sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán agus sú torthaí comhdhlúite siúcra-laghdaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an bpróiseas coipthe giosta: féadfar na háiseanna próiseála seo a leanas chun críoch teicneolaíoch agus suas leis na huaschainníochtaí a léirítear sa tábla a úsáid:

| **Cuspóir teicneolaíoch** | **Áis phróiseála** | **Uaschainníochtaí** |
|---|---|---|
| Ath-hiodráitiú | ciotráit sóidiam | 20 csm |
| Cothú | fosfáit dé-amóiniam (DAP) | 1 000 csm |
| | uathaláit ghiosta | *Quantum satis* |
| | hidreaclóiríd tiaimín | 0,6 csm |

'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*